RÉ NA bhFATHACH

Colm Ó Ceallacháin



focaileile

Co-funded by the Creative Europe Programme of the European Union

otherwords

RÉ NA bhFATHACH

Pósadh samhraidh a theastaigh ó Chaitríona riamh, fiú sula raibh sí geallta do Mháirtín in aon chor. Aoibhneas a mheabhraigh a leithéid di, ón lá sin i Lúnasa ar pósadh a deirfiúr. Ní raibh sí ach cúig bliana déag d'aois an uair úd, an cailín aonair cuideachta, ach bhí cuimhne na bainise greanta ina haigne go fóill. An teach ósta beag ar Shráid Pharnell lán go béal, an cúlghairdín faoi ghrian an tráthnóna, cling na ngloiní agus monabhar na n-aíonna.

Níos déanaí agus í ina leaba tháinig nótaí aeracha rabhcáin tríd an fhuinneog oscailte chuici, á cur chun suain. Fiú amháin an cith a dhúisigh i lár na hoíche í is a mheall í chun na fuinneoige, b'ábhar iontais é. Cumhracht bláthanna ag leathadh chuici ón ngarraí aníos, gairdéine agus cleimeatas, an boladh treisithe go mór anois ag an mbáisteach. Scaradh na gcompánach an mhaidin dar gcionn ar ndóigh, is an lánúin nuaphósta ag trasnú an bhóthair le traein na Gaillimhe a thógáil. Ina dhiaidh sin a shiúil sí féin is a máthair an t-achar gearr abhaile go teach a bheadh níos ciúine go mór anois in éagmais Mháire.

'Cé a chuirfidh mé ag suí ag aon bhord le Máire agus Pádraig?'

Deich mbliana ó pósadh a deirfiúr, bhí Caitríona ag ullmhú dá bainis féin anois.

'Cuir d'aintíní ann,' a dúirt a máthair léi. 'Réiteoidh siadsan lena chéile fiú mura réiteoidh siad le mórán eile.'

Dhearc Caitríona ar na cártaí a bhí le seoladh aici, ar na litreacha órga a d'fhógródh a lúcháir don saol ar fad.

Ba mhór ag Caitríona agus Máirtín tú a bheith i láthair
ag a gceilliúradh pósta ag Séipéal Cnoc San Alfonsas
Dé Domhnaigh 20ú Iúil 1969
ag a dó a chlog.

Chuirfeadh sí scairt ar Mháirtín ar ball chun na socruithe deireanacha a phlé leis. Deacair gach uile rud a réiteach ar an toirt is an seasca míle sin eatarthu. Ní fada, áfach, nó go mbeadh an t-achar sin á thaisteal aici le cur fúithi i mbaile strainséartha. Cén iontas Caitríona beagán uaigneach ar uairibh is í ag machnamh ar an saol nua a bhí roimpi. Bhraithfeadh sí uaithi a máthair, baintreach ó bhí Caitríona ina naíonán, bean a bheadh ina haonar sa teach anois. Ach cén dochar, fiú agus post buan múinteoireachta á fhágáil ina diaidh aici, nuair a bhí sí lena rogha nuachair thar fhir an domhain a phósadh.

Ag léamh an nuachtáin a bhí Máirtín nuair a shéid an bonnán. D'fhéach sé suas, ach ní raibh éinne ag corraíl go fóill. Le déanaí a aistríodh é go dtí an líne seo le hoibriú ar an ngluaisteán nua, an *Escort*, is bhí sé fós ag dul i gcleachtadh air. Má bhraith sé é féin ciotach nó mall, áfach, ní dócha gur airigh a chomhoibrithe é. Théidís siúd i mbun oibre ar a gcompord, ag bronnadh *Escort* nó dhó ar an bpobal in aghaidh na seachtaine. Ceap magaidh ba ea Máirtín acu, an fear is deireanaí isteach. Ní raibh aon mhailís taobh thiar de, ní raibh ann ach go raibh ainm na soineantachta air mar nach dtéadh sé ag ól leo.

'Cén dáta bhur bpósadh?' a d'fhiafraigh Nedser, seanfhondúir na foirne de anois.

'Iúil a fiche.'

'Tá siad le leaindeáil ar an ngealach thart faoin am sin.'

Willie a labhair, fear seoigh críochnaithe.

'An ea?' arsa Máirtín á fhreagairt. 'Dea-thuar, más ea. Beidh an rath orainn ar feadh ár saoil dá bharr.'

'Beidh, cinnte, má aimsíonn siad an marc. Ach má imíonn siad glan thar an ngealach beidh sé ina phuililliú ceart acu. Déan deimhin de, an oíche sin, go mbuaileann tú féin an sprioc, a Mháirtín.'

Ansin a chuaigh an fhoireann ar fad san fhiach air.

'Seachain nach i bpoll a himleacáin a chuireann tú é.'

'Samhlaigh gur ag cur seamanna i gcabhall *Cortina* atá tú.'

B'fhaoiseamh do Mháirtín é, amanna, filleadh ar an obair.

Agus é ag déanamh a bhealaigh ar ais i dtreo na líne, tharraing Nedser Máirtín i leataobh.

'Tá rud éigin anseo agam duit,' ar sé, ag tochailt ciarsúir as póca a sheaicéid.

Chuir sé i lámh Mháirtín é, is á oscailt amach dó chonaic sé go raibh bonn airgid ina lár.

'Tá sé agam le scór bliain,' arsa Nedser, tocht beag ina ghlór. 'Ón mbliain daichead a naoi. Ag comóradh cúig bliana is fiche de réimeas an Ghinearáil atá sé. Deacair a chreidiúint go bhfuil cúig bliana is daichead caite anois aige i gceannas orainn, séan air.'

Bhris Willie, a bhí ag cúléisteacht leo, isteach ar an gcomhrá anois.

'Léan air, an feosachán! Nach mór an ceithre scór sroichte aige is é lán de rámhaillí na hóige. Measann an fear bocht go bhfuil sé ag fearadh cogaidh ar na dúchrónaigh go fóill.'

Leag Nedser lámh ar an mbonn arís, is ba bheag nár bhrúigh sé trí chraiceann Mháirtín é leis an bhfraoch a bhí air.

'Cúramach, a bhligeaird,' ar sé, ach níor thug Willie ceann air.

'An ea go gcreideann sé gurb eisean atá tofa ag na Poncánaigh chun Apollo a thiomáint, fad is a théann Armstrong is Aldrin ar a gcamchuairt?'

'Cúramach,' a dúirt Nedser arís, ach bhí Willie bailithe leis faoi seo.

D'amharc Máirtín síos ar an mbonn ina ghlac gona inscríbhinn mhórchúiseach. Cad a dhéanfadh sé lena leithéid de thruflais nó conas a chuirfeadh sé ina luí ar Nedser nach raibh sé uaidh? Bhí cairde cumhachtacha sa chúirt aige siúd, is seachas Willie neamhurramach ní mhaslódh éinne an Ginearál ina fhochair.

'Go raibh maith agat,' ar sé faoi dheireadh. 'Is mór an onóir dom an bonn seo a fháil.'

'Fadhb ar bith, a bhuachaill. An bhfuil do sháith feicthe agat de anois?'

Lig Máirtín osna faoisimh faoina anáil. Sracfhéachaint a bhí á fháil aige ar an mbonn, mar a bhfaighfí ar thaisí naoimh. Ba bheag nár theilg sé uaidh é lena dhúil bheith réidh leis. Nuair a bhí sé fillte ina phóca ag Nedser arís, chuir sé cogar i gcluais Mháirtín.

'Focal comhairle duit, a mhic, faoi dháta do phósta. Cothrom an lae sin a tháinig an Ginearál i gcumhacht. Ná tarraing easonóir ar an ócáid le do cheilliúradh suarach féin, más ea. Roghnaigh dáta eile don phósadh.'

Ar chúinne Shráid Thomáis a bhí Caitríona ag feitheamh, í ar bís le go n-inseodh sí an scéal is deireanaí do Mháirtín ach eisean déanach mar ba ghnách aige. Ar Shráid Thomáis a chéad rinne sí coinne leis, agus ó shin i leith is ann a bhuailfeadh sé léi is é ar cuairt chuici. An cumann rámhaíochta a mheall i gcéaduair é le cos a thumadh in uiscí odhra na Sionainne, cé gurb é damhsa an *Regatta* príomhchuspóir an chriú i ndáiríre. Nuair a thosnaigh sé féin is Caitríona ag siúl amach lena chéile bhí damhsaí go leor eile acu, agus rincí go maidin iad go minic, sa Royal George is sa Jetland. Ba nós le Máirtín í a thionlacan abhaile ina ndiaidh tar éis cúpla póg a bhréagadh aisti, roimh léimt ar bord an chéad bhus go Corcaigh lena sheal oibre a thosnú. Inniu freisin, agus é tagtha faoi dheireadh, is ar theach Chaitríona a bhí a thriall.

'Cad atá cearr?' ar sé léi, a míshuaimhneas braite nach mór láithreach aige.

Taobh leis a shiúlfadh sí i gcónaí, gan fonn uirthi méar fiú a leagan air is iad amuigh lena chéile. Ní le farasbarr geanmnaíochta a dhéanadh sí é seo, ach gur phléisiúr ann féin di é a bheith ina fochair. Ní raibh sí chun luí leis roimh phósadh dóibh, is cé nach raibh Máirtín go hiomlán ar aon intinn léi, ghéill sé dá mianta. Bhí mianta eile aici mar sin féin. Níor labhraíodh mórán i measc a comhluadair ar chúrsaí comhriachtana is ba dhiúltach, de ghnáth, an méid a bhí le rá fúthu. Cros a bhí sa ghníomh collaí dar le go leor dá cairde, cros a bhí le hiompar ag mná fadfhulangacha dá leithéidí. Ach bhí dúil thar na bearta ag Caitríona i Máirtín is bhí sí ag súil go mór, mar a luaigh sí go neamhbhalbh leo, leis an gcros áirithe sin a iompar. Bhainfeadh sise pléisiúr as gach nóiméad príobháideach a chaithfeadh sí lena fear, pé ciotach stadach a dtadhaill, is iad ag dul in aithne ar a chéile.

Nuair nár thug Caitríona freagra láithreach air, chuir Máirtín an cheist arís.

'Cad atá cearr, a chroí?'

Níor mhoilligh ar a coisíocht puinn is í á fhreagairt.

'Níor theastaigh uaim é a lua leat go dtí go rabhamar sa bhaile, ach níl leigheas air anois, is dócha. Tá an t-óstán tar éis an bhainis a chur ar ceal.'

Mura raibh rudaí ag dul go breá do Mháirtín ba é an seanphort aige ná go bhfeabhsódh siad amach anseo, is fiú mura bhfeabhsódh, nach rachaidís in olcas. Dá rachadh, áfach, nach raibh a shláinte aige go fóill? Mura bhfaigheadh sé bás, is é sin, de ghalar éigin idir an dá linn. I mbeagán focal, bhí féith láidir éadóchais ann ó dhúchas. É sin ráite bhí srian á chur aige, tar éis bliana i gcleamhnas leis an mbean dearfach seo, leis an meon duairc seo aige. Ní raibh an díomá a bhraith sé le sonrú sa bhfreagra a thug sé uirthi anois, dá bhrí sin.

'Nach cuma? Tá am fós againn le hóstán eile a chur in áirithe.'

'Ní thuigeann tú,' ar sí, ag gáire in ainneoin a míchéadfa. 'Ní bheidh óstán sa tír le fáil ar an dáta sin, is ar chúis chomh neafaiseach.'

'Tabharfaidh mé buille faoi thuairim faoin bhfáth atá leis – ceiliúradh cúig bliana is dhá fhichead de réimeas ár gceannaire groí, agus cosc dá réir sin ar spraoi, gan trácht in aon chor ar lánúin a bheith ag pósadh. An Ginearál abú! Cad é mar bhéim éaganta sa tír seo ar dhátaí.'

'Beidh orainn lá nua a lorg, mar sin.'

'Agus sagart nua freisin, más ea. Nár dhúirt tú liom nach mbeadh Séamus thart ach ar feadh dhá lá nó trí?'

Bhí cead faighte óna ord ag Séamus, uncail Chaitríona, filleadh ó na misin chun iad a phósadh. Ní raibh sé sa bhaile le breis is deich mbliana roimhe sin. Bhí an teach sroichte anois acu, ach stad Máirtín sular chas siad isteach.

'Ar labhair tú le do mháthair faoi?'

'Níor labhair, nó go mbeifeá curtha ar an eolas ar dtús agam.'

'Go maith. Déarfaimid léi go mbeidh an pósadh ag dul ar aghaidh i gceann coicíse mar a bhí beartaithe againn.'

'Cad faoin óstán?'

'Ná bac leis. Searmanas beag a bheidh againn.'

'An bhfuil tú cinnte?'

'Cad is féidir leo a dhéanamh, muid a chaitheamh sa charcair?'

'Cuirfidh mé an bhuíon cheoil ar ceal, mar sin.'

'Déan, cinnte. B'fhéidir go gcasfadh Máire port nó dhó ina háit.'

'Ar mhaith leat go dtréigfeadh gach éinne an bhainis?'

'Ní bheidh mórán i láthair anois, pé scéal é. De réir mar atá cúrsaí ag dul, is sa seomra bia ansin istigh a bheidh an bhainis á ceiliúradh againn.'

Díreach tar éis an lóin, is é ag filleadh ar a líne, gaireadh Máirtín chuig oifig a shaoiste. Bhí beirt fhear ag feitheamh ansin dó, fear maol, bolgramhar sna daicheadaí agus compánach níos sine arís, a shúile beaga báite i loganna a bhlaoisce. Cad sa bhfoc a sheol an Brainse ina threo?

'Suigh síos,' a dúirt a shaoiste leis, ag lasadh toitín is ag suí trasna na deisce uaidh.

Ní túisce Máirtín suite nó gur leag an fear ramhar a lámha anuas ar bharr na cathaoireach. Shuigh Máirtín chun tosaigh, ag iarraidh tadhall na méara mothallacha sin a sheachaint.

'Do sheachtain dheireanach oibre mar bhaitsiléir,' arsa an saoiste leis.

'Sin é. Slán go deo le mo shaoirse ansin. Beidh mé i mo sclábhaí aici faoin am go bhfillim anseo.'

'Feicim go bhfuil coicís saoire á tógaint agat.'

'Tá, agus stáir ragoibre curtha isteach agam le bliain anuas le híoc as. Ní thuigeann mo dhuine anseo cad is brí le ragobair,' ar sé leis an mbeirt ar a chúl, a d'fhan ina dtost.

Lean an saoiste air á cheistiú.

'Cathain a bheidh an lá mór agaibh?'

'Seachtain ón Domhnach.'

'Seachtain ón Domhnach.'

An fear caol a bhí tar éis labhairt. I gcoinne an bhalla a bhí sé ina sheasamh, as amharc ar Mháirtín taobh thiar de chabhail a chompánaigh.

'Seachtain ón Domhnach,' ar sé arís. 'Cén dáta é sin?'

'An fichiú, de réir m'fhéilirese ar aon nós.'

'An fichiú, de réir d'fhéilire. An fichiú lá? An fichiú bliain ag fás? An fichiú cloch meáchain, dála Pat anseo?'

'Éist, a scraiste,' a scairt an bleachtaire eile amach.

'An fichiú Iúil,' a dúirt Máirtín.

'An fichiú Iúil. Tá an dáta sin i gcúl mo chinn agam ar chúis éigin, ach ní féidir liom mo mhéar a leagan uirthi. Aon tuairim agat, a Mháirtín?'

Ní raibh le cloisteáil ach análú domhain Phat os a chionn. Cuireadh an cheist air arís.

'Tuairim ar bith?'

Labhair Pat.

'Nach bhfuil cluiche ceannais Laighin ar siúl ar an lá sin, a Éamoinn?'

'Is fíor dhuit, a Phat, agus mo chontae féin as an áireamh. Loch Garman bocht, gan bliain caite ó bhuaigh siad craobh na hÉireann. An bhfuil aon suim agat san iomáint, a Mháirtín?'

'Roinnt éigin.'

'An bhfuil seans ar bith ag Corcaigh i mbliana, meas tú?'

'Níos mó ná mar atá ag Loch Garman, pé scéal é.'

Bhraith sé dorn crua Phat ar a bhaithis.

'Bíodh béasa agat, a bhastaird.'

Thosnaigh Éamonn á cheistiú arís.

Ar chuaigh tú riamh ar scoil, a Mháirtín?'

'Chuaigh, gan amhras.'

'Chuaigh, gan amhras. An raibh tú as láthair le linn ranganna na saoránachta?'

'Ní raibh in aon chor.'

'Ach fós ní heol duit cén tábhacht a bhaineann le dátaí faoi leith. An fichiú lá seo romhainn, cuir i gcás.'

Tháinig tost eile sa chomhrá.

'Maith go leor,' arsa Pat faoi dheireadh. Chroith sé lámh an saoiste. 'Ní chuirfimid a thuilleadh de do chuid ama amú. Téanaimid, a Mháirtín. Rachaimid ar thuras beag.

Thiomáin siad ar feadh leathuaire ar bhóithre cúnga tuaithe, faoi scáth na gcrann nuair a bhí a leithéid ar fáil, is faoi mheirbhsholas na gréine nuair nach raibh. Tar éis dóibh droichead beag a thrasnú, stadadh an gluaisteán ar thaobh an bhóthair. Bhí cosán le feiceáil le hais an tsrutháin, agus lean siad a lorg siar chomh fada le garrán beag troime.

'Cá bhfuilimid ag dul?'

Bhí an bheirt bhleachtaire ag cadráil eatarthu féin ar feadh na slí, Máirtín ar a gcúl is gan aird ar bith á dtabhairt acu air. Ba léir go raibh seanaithne acu ar an t-aistear seo. Scuab siad go gasta thar chraobhacha crainn a bhí cromtha faoi ualach a gcuid bláthanna. Clúdaíodh Máirtín, agus é sna sála orthu, i bpúdar mín pailine. D'ardaigh an cosán ansin, is tháinig tost ar an mbeirt eile le méid a saothair. Ní raibh le cloisteáil ar feadh tamaill ach siosarnach uisce agus cnagaireacht dreoilín teaspaigh, é de shíor ag gearán, de shíor ag preabadh chun cinn orthu. Gan choinne, nach mór, a tháinig siad ar an bhfoirgneamh.

Thochail Pat beart eochracha as a phóca, is tar éis roinnt útamála d'éirigh leis glas an gheata a scaoileadh. Ceardlann de shórt éigin a bhí laistigh, píosaí miotail is adhmaid scaipthe ar fud an chlóis, a thuilleadh caite ina charn mór ar chúl. D'oscail Pat doras na hoifige, is d'ordaigh do Mháirtín dul isteach roimhe. Ní raibh spás ach ar éigin don triúr acu inti, na bleachtairí ina suí ar an deasc beag, Máirtín ina sheasamh is a dhroim leis an bhfuinneog.

'Cá mbeidh an bhainis ar siúl?' a d'fhiafraigh Éamonn de a thúisce is a bhí an doras druidte.

Luaigh Máirtín ainm an óstáin, á mheabhrú dó go raibh sé curtha ar ceal anois.

'Tá, gan amhras,' a dúirt Pat. 'Is tírghráthóir den scoth thú.'

Bhain sé de a chasóg, is leath boladh stálaithe allais ar fud an tseomra.

'Cá bhfuil sibh le pósadh?' arsa Éamonn.

Thug Máirtín ainm na heaglaise dó ag rá, arís, go raibh an searmanas ar ceal. Ócáid bheag phríobháideach a bheadh anois acu, rud nach gcuirfeadh isteach ar cheiliúradh ar bith eile a bheadh ag dul ar aghaidh ar an lá sin.

D'éirigh Pat agus sheas os a chomhair, ag séideadh siota lofa anála ina threo.

'Tír iontach í seo,' ar sé, 'ach níl meas madra ag daoine áirithe uirthi.'

Bhí méar ramhar á shá in ucht Mháirtín aige le gach focal a labhair sé.

'Daoscar iad siúd, dream gan srian acu ar a mianta. Daoscar, a deirim.'

Nuair a shuigh sé arís, labhair Éamonn.

'Cad a dhéanfaidh Séamus?'

'Séamus?'

'An t-athair ró-oirmhinneach Séamus, uncail do mhná, a bhí chun an tAifreann a léamh.'

'An raibh a fhios agat,' a bhris Pat isteach air, 'go bhfuil cónaí orainn ar an seachtú oileán déag is mó ar domhan? An seachtú oileán déag! Níos mó ná an Chipir, níos mó ná an Nua-Shéalainn fiú. Ní chloisim sin á lua ag an daoscar is iad ag clamhsán fúinn.'

'Iománaí maith ba ea Séamus,' a dúirt Éamonn arís. 'Is minic mé á mharcáil. Bastard beag crua. Ba chóir go mbeadh colm breá leathan ar chúl a chinn aige ón smiotáil a thug mo chamán dó lá. Breathnaigh é nuair a bheidh sibh os a chomhair ar an altóir.'

'Ní bheimid dár bpósadh aige anois.'

'Ní bheidh, ar ndóigh. Cén fuadar atá fúibh, ar aon nós? Fan tamall eile nó go mbeidh a iubhaile órga á cheiliúradh aige, an cladhaire.'

De réir mar a bhí an t-agallamh ag dul ar aghaidh bhí Máirtín ag dul i laige, an ghrian ag taitneamh tríd an bhfuinneog ar a chúl is é céasta ag an tart. An raibh sé seo ag tarlú dó i ndáiríre, é á cheistiú acu faoi rud chomh neamhurchóideach lena phósadh féin? Bhíog sé ansin arís nuair a thug Pat sonc spórtúil dó sna heasnacha.

'Féach air, an stail, is an ragús atá air. Ní fhéadfadh sé fanacht chomh fada sin le pósadh, a Éamoinn.'

Ba bheag nár thit an bheirt acu den deasc leis an racht a chuir Pat de, idir gháire is chasachtach.

'An rud nach dtuigim,' a dúirt Pat, 'ná conas is féidir leo an Apollo a stiúradh i rith an lae is gan radharc acu ar an ngealach.'

Bhí sé ag tiomáint go mall, lámh ar an roth aige, an ceann eile ag bualadh poirt ar dhíon an ghluaisteáin. Chas Éamonn siar i dtreo Mháirtín sa chúlsuíochán.

'An gcloiseann tú an leibide? Gan de chumas air an cheist is bunúsaí a thuiscint. Táim náirithe aige. Pé scéal é, seo mar atá, a Mháirtín. Is lá cuimhneacháin náisiúnta é an fichiú lá, is níl ceadaithe ar an ócáid sin ach comórtha oifigiúla. Glaoigh isteach chuig an stáisiún faoi cheann seachtaine, mar sin, agus bíodh dáta agus ionad nua do bhainise beirthe leat agat. Ar chuala tú trácht riamh,' ar sé le Pat ansin, 'ar fholús dorcha spáis? Chuirfinn geall air nach bhfuil sé leath chomh folamh leis an spás sin idir do chluasa.'

Phléasc siad beirt amach ag gáire. I ndiaidh dóibh Máirtín a fhágáil ar thaobh na sráide, sháigh Pat a cheann amach tríd an fhuinneog.

'Cuimhnigh, a Mháirtín,' a scairt sé amach. 'An seachtú oileán déag is mó ar domhan! Beir bua anois.'

Ar imeacht dóibh, d'fhan Máirtín mar a raibh sé ar feadh tamaill. Báite in allas faoin ngrian mhíthrócaireach agus báite, freisin, óna bhásta anuas, ina mhún bréan féin.

'Éamonn sa Bhrainse. Ní chuireann sé iontas ar bith orm.'

Ag suí sa chlós a bhí Séamus, gloine uisce beatha ina ghlac aige agus Máirtín taobh leis ar an mbinse.

Trí dhoras na cistine bhí tráchtaire le cloisteáil is é ag spalpadh as an ráidió ó Pháirc an Chrócaigh, a ghuth nach mór bodhraithe ag gleo meidhreach na n-aíonna. Bhí a pósadh samhraidh á ceiliúradh ag Caitríona ar a rogha dáta, beag beann ar na húdaráis. Amuigh faoin tuath a bhí an chuileachta ar bun, i dtábhairne Jack, seanuncail le Caitríona. Tábhairne beag a bhí ann, an beár chun tosaigh agus an chistin ar a chúl, é i bhfad ó shúile fiosracha ar bith. Sa séipéilín thíos an bóthar a thit an searmanas amach, mar a raibh seanaithne ag Séamus ar an sagart paróiste. Ar uairibh i rith na seirbhíse bhí air tiontú go Tagalog, a laghad taithí a bhí aige ar an liotúirge nua ina theanga dhúchais. Ba chuma leis an lánúin cén teanga a bhí á húsáid aige, ar ndóigh, ach iad a bheith pósta ar deireadh.

'Bhí sé ceart go leor mar lánchúlaí,' a lean Séamus ar aghaidh. 'Ní bheadh trua ar bith ag cosantóirí na laethanta sin duit, ar imeall na cearnóige ach go háirithe, is chomhlíon Éamonn a dhualgaisí go paiteanta. Fear é, measaim, a ghlacann go héasca le horduithe, go háirithe nuair a bhíonn buille fill nó dhó le bualadh.'

'Agus tusa chomh neamhurchóideach sin nach leagfá méar riamh ar imreoir, is dócha.'

'Bhí diabhlaíocht a dhóthain ionam, is fíor, sular imigh mé go Maigh Nuad. Ina dhiaidh sin freisin, cé nach ar pháirc na himeartha a chleacht mé í.'

'Saol eile ar fad a bhí romhat i Maigh Nuad, ar ndóigh.'

Bhain Séamus súmóg as an deoch.

'D'fhéadfá sin a rá. Bhí mé ocht mbliana déag d'aois, gan aithne cheart curtha agam ar an saol go fóill. Cé gur chreid mé go raibh gairm ó Dhia faighte agam, níor thaitin déine na rialacha liom. D'oir sé dom imeacht chuig na hOileáin Fhilipíneacha, i bhfírinne, cé gur bhraith mé uaim mo mhuintir. Tháinig mé ar mo ghuth ansin, nó gur cuireadh gobán orm tráth *Humanae Vitae*.'

'Céard?'

Rinne Séamus gáire.

'Mo leithscéal. Déanaim dearmad, uaireanta, gur i ngan fhios don saol a mhaireann cliarlathas na heaglaise go minic. *Humanae Vitae*. Imlitir a d'eisigh an Pápa ag cur coisc ar fhrithghinniúint, is é dall ar chás na mban go léir atá ag sclábhaíocht ar son a muirir. D'fheicinn gach lá iad, is an líon tí ag dul i méid in aghaidh na bliana orthu. Leanbh sa bhroinn acu nó leanbh ag diúl, nó an dá cheann le chéile ar uairibh. Nuair a labhair mé amach díbríodh go paróiste beag i dtuaisceart Luzon mé, is ní bheadh cead tugtha dom an tAifreann féin a cheiliúradh murach an ganntanas sagart sa dúiche.'

'Níor tháinig tú ar athrú intinne ansin, fiú ar son na síochána?'

'Níor tháinig. Is méanar dóibh seo a d'fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht, de réir dealraimh, óir is leo ríocht na bhflaitheas. Níor tháinig tú féin ar athrú intinne maidir le dáta do phósta, ar son na síochána céanna?'

'Tháinig, cinnte, ach gur mó go mór m'fhaitíos roimh Chaitríona ná roimh na húdaráis. Mheas mé, dá bhrí sin, go mb'fhearr rudaí a fhágáil mar a bhí.'

'Tá siad i ngach áit, a bhuachaill, mar ghéarleantóirí!'

Bhí siad fós ag gáire nuair a thaibhsigh Caitríona i bhfráma an chúldorais, gloine ina lámh aici. Péarla, a shíl siad beirt, is í ag lonrú sa lagsholas.

'Cén comhcheilg atá ar bun agaibh anseo amuigh?' ar sí, ag suí eatarthu.

Rinne siad spás di, is labhair Séamus léi.

'Bhí mé ag fiafraí den fhear seo cén dalladh púicín a chuir sé ort an lá ar thoiligh tú é a phósadh.'

'Ó, ní bheifeá suas lena chuid cleasanna, a Shéamuis. Táim bréagtha aige, amach is amach. Caithfidh go bhfuil ortha curtha san im aige orm.'

'Is fíor di,' a dúirt Máirtín, 'agus é slogtha siar i ngan fhios ansin aici.'

Thiontaigh sé ar Chaitríona, a mhéara ag fí dlaoithe a gruaige is é ag labhairt léi.

'Conas atá ag an tionól istigh?'

Thart faoi scór a bhí tar éis freastal ar an bpósadh, iad ag ól is ag ithe sa chistin ó shin i leith.

'Tá siad go diail. Chomh luath is atá an cluiche thart, táimid chun bogadh trasna go Tí Hanley. Is acu atá an t-aon teilifíseán, is tá tuirlingt Apollo le craoladh beo air.'

'Cad faoin gcomóradh mór i mBaile Átha Cliath?'

'Tá siad le briseadh isteach air.'

'Ná habair é. Nach damanta na hathruithe atá ag teacht ar an saol, fiú anseo sa bhaile?'

'Táim á rá leat. An dtiocfaidh sibh linn?'

D'éirigh Séamus ina sheasamh, is chuimil sé a chuid spéaclaí.

'Conas atá an cluiche ag dul?'

'Nílim cinnte, ach ceapaim go bhfuil Cill Chainnigh chun cinn.'

Ag osnaíl, chuir sé lámh ar ghualainn Mháirtín.

'Imímis trasna, mar sin. Tá rudaí áirithe nach n-athróidh choíche, a mhic.'

Faoin am go raibh na híomhánna doiléire deireanacha feicthe acu, an bheirt spásthaistealaí ar nós taibhsí is iad ag leagan cos ar an dromchla aduain, bhí gach éinne súgach go maith. Le titim na hoíche, beartaíodh ar dhul ar shiúlóid. Leathmhíle soir uathu bhí sliabh beag, an Cnoicín, is bheadh léargas óna mhullach ní amháin ar an gceantar máguaird ach ar an ngealach is í ag éirí. Soir an bóthar leo mar sin, an dream ab aclaí acu is an dream ab óltaí, nó gur shroich siad an bhearna sa chlaí a thabharfadh go barr iad. Caitríona a bhí i gceann an cholúin, agus chomh luath is a bhraith sí drúcht an fhéir faoina cosa, bhain sí di a bróga. Taobh léi rinne Aoife amhlaidh, Aoife, a cara ionúin ó bhí siad ina bpáistí. Aoife niamhrach, a mheallfadh súil bhuachalla i gcomhluadar ar bith. Bhí Aoife lena taobh an lá ar chéad leag sí súil ar Mháirtín, is iad ag damhsa an chumainn rámhaíochta. Ag cuntar an bheáir a bhí sé, is nuair a chas sé timpeall bhí siad beirt ina seasamh os a chomhair amach. D'iompaigh sé uathu go cúthail ach chas sé, nach mór láithreach, ina dtreo ansin arís. Thug Caitríona faoi deara gur uirthi a bhí sé ag stánadh, miongháire soineanta ar a bhéal. D'fhéach sé ar Aoife freisin gan amhras, agus cén ógfhear nach bhféachfadh, ach d'fhill a shúile uirthi siúd arís. Anois agus iad ag teacht go barr an chnoic chuala sí a gháire i measc an tslua a bhí dá leanúint, agus d'ardaigh a croí.

Ag casadh siar do Chaitríona chuardaigh sí Máirtín, ach ba mhar a chéile gach scáth a bhí ag teacht as an meathsholas ina treo. Seo é an fear a bhí sí lena saol a chaitheamh leis, ní de dheasca aon teagmháil amháin i halla rince ar ndóigh, cé gur fhan cuimhne an amhairc sin léi go fóill. Ré chruálach na bhfathach a bhí leo anois, dlínse ghinearál a shín chomh fada leis an ngealach, is níorbh fholáir do leithéidí Chaitríona cúbadh rompu.

Agus barr an Chnoicín sroichte acu, d'airigh sí Máirtín lena taobh faoi dheireadh. Chúbfadh seisean roimh smacht na n-údarás freisin, a thuig sí, sa tslí chéanna is a chlis air faoi dhiancheistiúchán na mbleachtairí.
Nach minic é ag géilleadh di siúd chomh maith céanna, cé go raibh cúis eile leis sin, de bharr a shéimhe is a bhí sé. Ní bhéarfadh na tréithe sin an chraobh leo i gcoinne na máistrí, ach níor bhaol do Chaitríona agus é ina gaobhar. Lúbfadh sé agus ghéillfeadh sé, an fear seo a bhí ag leagan lámh ar a coim, ach ní bhrisfeadh sé choíche. Bhí a fhios-san aici chomh cinnte is a chuala sí a ghlór piachánach, é ar ghiorra anála, is é ag clamhsán léi anois.

'An ag cur ár gcuid ama amú a bhíomar? Cá háit sa diabhal a bhfuil an ghealach?'

Chaith an tionól leathuair aerach ar an mullach, iad ag gabháil fhoinn is ag comhrá faoi bhrat scamall. Níor airigh éinne na néalta ag scaipeadh nó go bhfacthas an bóthar iarainn thíos fúthu is é ag lonrú faoin résholas. Cé go raibh corrán na gealaí á nochtú féin idir bhearnaí na scamall anois, ní raibh éinne sa chomhluadar in ann an bheirt spásthaistealaí a shamhlú ansin thuas.

'An bhfuil siad ina gcodladh anois?' a d'fhiafraigh duine éigin.

'I bhfad ón suan atá a gcuid smaointe siúd, is iad ar thuras chomh contúirteach.'

'Beidh siad ann go dtí amárach, mar sin féin. Beidh sos éigin de dhíth ar na créatúir.'

'An gceapann tú gur thóg siad a gcuid leapacha leo?'

'N'fheadair cén sórt leithris atá acu?'

Mar sin a chaith an lánúin tús a gcéadoíche phósta, i measc chairde a bhí idir shúgradh is dáiríre. D'éist siad leo, iad i ngreim láimhe a chéile, gan fonn orthu bheith in áit nó i gcomhluadar ar bith eile.

De réir a chéile thosnaigh an chuideachta ag bailiú leo anuas, is bhí Caitríona agus Máirtín ar tí iad a leanúint nó gur chonaic siad na soilse. Péire chun cinn is péire chun deiridh, dhá ghluaisteán is iad ag teacht ó Ghabhal Luimní. Bhreathnaigh siad orthu ag tiomáint chomh fada le tábhairne Jack, mar ar múchadh na soilse ar feadh tamaill. Tosnaíodh na hinnill ansin arís agus d'fhill na gluaisteáin soir an bóthar. Nuair a stad siad ag bun an chnoic cluineadh doirse ag dúnadh agus argóint teasaí ag briseadh amach. Lasadh lóchrainn ansin is ba léir go raibh siad ag tabhairt faoin gcnoc. Ag leanúint na soilse soir siar a bhí Máirtín nuair a bhraith sé lámh Chaitríona ag teannadh ina ghlac. D'fháisc sé í agus dhearc siad anuas ansin arís, iad beirt ina dtost, faoi sholas fuarchúiseach na gealaí.